

Tranglam Teanga nó Acmhainn an Aontais?

Tír gan teanga, tír gan anam, a dúirt an Piarsach. Ach más fíor do sheanrá dá leithéid, cén bhaint atá aige le hEoraip an lae inniu, le hEoraip na héagsúlachta agus an aontais? I mbliana, an Bhliain Eorpach le haghaidh Agallaimh Idirchultúrtha, tionóladh meitheal intleachtóirí faoi choimirce an Choimisiúin Eorpaigh chun tuarascáil a tharraingt suas faoin bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith ag an ilteangachas i ndáil leis an agallamh idirchultúrtha agus an tuiscint fhrithpháirteach i measc shaoránaigh na hEorpa. Is tráthúil an uain í d'ábhar machnaimh den chineál a sholáthair tuarascáil na meithle agus 23 teanga oifigiúil san Aontas Eorpach cheana féin, gan trácht ar theangacha na réigiún, na n-inimirceach agus na stát ar thairseach an aontachais. Tháinig dhá mhórphointe ó mholtaí an ghrúpa.

Ag an leibhéal rialtasach, moladh sa tuarascáil gur chóir go mbeadh caidreamh déthaobhach idir Ballstáit an AE ag brath ar theangacha an dá thír a bheadh i mbun agallaimh, seachas tríú teanga a úsáid. Dá thoradh sin, ní mhothódh pobal teanga ar bith go ndéanfaí neamhshuim de in aicmí ardrialtais.

Ach is tábhachtaí, b'fhéidir, don idirchultúrachas an moladh a bhaineann leis an ngnáthshaoránach. Mhol an grúpa coincheap teanga uchtála an duine. Is éard atá i gceist leis seo go ngríosfaí gach uile dhuine Eorpach chun teanga éagsúil a roghnú, teanga nach ionann í agus teanga a fhéiniúlachta ná an teanga a roghnófaí le haghaidh cumarsáid idirnáisiúnta. Samhlaítear teanga uchtála an duine sa tuarascáil mar "máthairtheanga thánaisteach". Is é sin le rá go ndéanfaí dianstaidéar uirthi ar scoil agus san ollscoil, go labhrófaí is go scríobhfaí go líofa í. Acmhainn phearsanta i gcúrsaí oibre a bheadh ann don duine freisin. Maítear fosta nach mór go bhfaigheadh duine, trí bheith chomh heolach ar theanga áirithe, léargas luachmhar ar an tír nó ar na tíortha ina labhraítear an teanga.

Ní bhíonn meas ar an aonphort, a deir an seanfhocal. Dea-chomhairle dúinn agus aghaidh á tabhairt againn ar thodhchaí i gcomharsanacht cheolmhar an Chomhphobail is a theangacha.